



Rewarding Learning

ADVANCED SUBSIDIARY (AS)
General Certificate of Education
2025

Uimhir Lárionaid

--	--	--	--	--

Uimhir Iarrthóra

--	--	--	--	--

Cúram Sláinte agus Sóisialta

Aonad Measúnaithe AS 3

ag measúinú

Sláinte agus Folláine



[SHC31]

SHC31

DÉ CÉADAOIN 21 BEALTAINÉ, IARNÓIN

AM

2 uair an chloig.

TREOIR D'IARRTHÓIRÍ

Scríobh d'Uimhir Lárionaid agus d'Uimhir Iarrthóra sna spásanna chuige sin ag barr an leathanaigh seo.

Ní mór duit na ceisteanna a fhreagairt sna spásanna chuige sin.

Ná scríobh taobh amuigh den achar bhoscáilte ar gach leathanach ná ar leathanaigh bhána.

Comhlánaigh le dúch dubh amháin. **Ná scríobh le peann glóthaí.**

Freagair **gach ceann** de na **trí** cheist.

EOLAS D'IARRTHÓIRÍ

Is é 100 an marc iomlán don pháipéar seo.

Measúnófar caighdeán na cumarsáide scríofa i gceisteanna **1(e)**, **2(d)** agus **3(c)**.

Léiríonn figiúirí idir lúibíní atá priontáilte ar thaobh na láimhe deise de leathanaigh na marcanna atá ag dul do gach ceist nó do gach cuid de cheist.



1 Is í an aidhm atá le feachtais de chur chun cinn na sláinte ná sláinte an daonra ar an iomlán a fheabhsú. Is féidir nach bhfuil mórán smachta ag duine ar roinnt tosca a théann i bhfeidhm go diúltach ar shláinte, mar shampla tosca timpeallachta agus tosca socheacnamaíocha.

(a) Tabhair sainmhíniú ar shláinte.

[2]



(b) Cuir síos ar an dóigh ar féidir leis na tosca timpeallachta seo a leanas dul i bhfeidhm go diúltach ar shláinte agus ar fholláine fhisiceach.

Truailliú

[3]

Suíomh geografach

[3]

[Tiontaigh an leathanach



(c) Úsáideann feachtais de chur chun cinn na sláinte réimse cur chuige lena dteachtaireacht a chur ina luí. Sainaithin an cur chuige de chur chun cinn na sláinte sna trí shampla thíos.

(i) Tugann an rialtas dlí isteach le go mbeidh caitheamh tobac i gcarranna mídhleathach.

Cur chuige de chur chun cinn na sláinte úsáidte:

_____ [1]

(ii) Úsáideann feachtas póstaer de dhuine óg i gcóma san ospidéal i ndiaidh dó drugaí mídhleathacha a ghlacadh.

Cur chuige de chur chun cinn na sláinte úsáidte:

_____ [1]

(iii) Tá bileoga le fáil i gclinicí DG (GP) a spreagann mná ó 25 go 64 bliain d'aois le freastal ar choinní scagthástála ceirbheacs.

Cur chuige de chur chun cinn na sláinte úsáidte:

_____ [1]



- (d) Comhlánaigh an tábla thíos le cur síos agus luacháil a dhéanamh ar an chur chuige athrú iompraíochta ar chur chun cinn na sláinte.

Cuir síos ar an chur chuige athrú iompraíochta ar chur chun cinn na sláinte.	
	[3]
Mínigh dhá láidreacht den chur chuige.	
1.	[2]
2.	[2]
Mínigh dhá laige den chur chuige.	
1.	[2]
2.	[2]

[Tiontaigh an leathanach



2 Ní mór do bhainisteoirí atá ag obair i suíomhanna sláinte, cúraim shóisialta agus luathbhlianta freastal ar riachtanais a n-úsáideoirí seirbhísí agus cleachtas in aghaidh leithcheala a chur chun cinn.

(a) Sainmhínigh na téarmaí seo a leanas:

Claontacht

[2]

Leithcheal

[2]



- (b) (i) Úsáid na ceanteidil seo a leanas le hachóimre a dhéanamh ar **dhá** shampla de leithcheal ag foireann:

Leithcheal ar bhonn creideamh in ospidéal

[2]

Leithcheal ar bhonn inscne in ionad cúraim lae

[2]

- (ii) Scríobh **dhá** bhonn ar bith eile maidir le leithcheal i suíomh sláinte, cúraim shóisialta nó luathbhlianta.

1. _____ [1]

2. _____ [1]

[Tiontaigh an leathanach



- (c) (i) Dóigh amháin ar féidir le bainisteoirí cleachtas in aghaidh leithcheala a chur chun cinn ná polasaithe a bheith i bhfeidhm.

Cuir síos ar an dóigh ar féidir le **dhá** pholasaí ar bith cleachtas in aghaidh leithcheala a chur chun cinn.

1. _____

_____ [3]

2. _____

_____ [3]

- (ii) Sainaithin **dhá** dhóigh eile ar féidir le bainisteoirí cleachtas in aghaidh leithcheala a chur chun cinn.

1. _____ [1]

2. _____ [1]



- (iii) Cuir síos ar an dóigh a bhféadfadh cleachtas in aghaidh leithcheala dul i bhfeidhm go dearfach ar shláinte agus ar fholláine fhisiceach, shóisialta agus shíceolaíoch úsáideoirí seirbhísí.

Tionchar ar shláinte agus ar fholláine fhisiceach

[3]

Tionchar ar shláinte agus ar fholláine shóisialta

[3]

Tionchar ar shláinte agus ar fholláine shíceolaíoch

[3]

[Tiontaigh an leathanach



LEATHANACH BÁN
NÁ SCRÍOBH AR AN LEATHANACH SEO

15848.02



20SHC3114



3 Is féidir le tosca iompraíochta amhail aiste bia shláintiúil agus aclaíocht cur le sláinte agus folláine daoine níos sine. Tá méadú ag teacht ar líon na ndaoine níos sine atá ag maireachtáil le haon riocht amháin nó níos mó a bhaineann le dul in aois. Tá a lán daoine níos sine ag brath ar sheirbhísí eagraíochtaí atá freagrach as sláinte agus folláine, lena n-áirítear eagraíochtaí príobháideacha nó tráchtála ar nós cógaslann.

(a) (i) Luaigh cad é mar a thig le haclaíocht cur le sláinte agus folláine fhisiceach.

[3]

[Tiontaigh an leathanach



(ii) Cuir síos ar **thrí** dhóigh a bhféadfadh aiste bia mhífholláin a ithe dul i bhfeidhm ar shláinte agus ar fholláine fhisiceach.

1. _____

_____ [3]

2. _____

_____ [3]

3. _____

_____ [3]



SEO DEIREADH AN SCRÚDPHÁIPÉIR

NÁ SCRÍOBH AR AN LEATHANACH SEO

Don Scrúdaitheoir amháin	
Uimhir Ceiste	Marcanna
1	
2	
3	

Marc Iomlán	
-------------	--

Uimhir Scrúdaitheora

Cuireadh isteach ar chead chun an t-ábhar cóipchirt uile a atáirgeadh.
I gcásanna áirithe is féidir nár éirigh le CCEA teagmháil a dhéanamh le húinéirí cóipchirt agus beidh sé sásta na hadmhálacha sin a fágadh ar lár a chur ina gceart amach anseo ach é a chur ar an eolas.

15848.02/2



20SHC3120